


---

## Lámha Lofa


### Dramatis personae

---




#### Téagar

Laoch/banlaoch an dráma. Duine leisciúil ar dtús, duine gan mhaith, duine gan chnámh droma ann agus é ar nós spaigití le féachaint air. Níl fonn air dul sa tóir ar an leigheas, ar dtús, ach aontaíonn sé sa deireadh. Éiríonn Téagar níos ceandána le himeacht aimsire agus sa deireadh is é an laoch é.




#### Pusachán

Rí/ Banríon na Lagríochta. Duine giorraisc agus gan aon chur amach aige ar chúrsaí an tsaoil. Bíonn sé ag caitheamh anuas ar mhuintir na Lagríochta de ghnáth.




#### Leadrán


Aralt na cúirte. Duine leamh a mbíonn leadrán cainte air. Níl éinne mór leis. Éirí in airde air.



#### Ainnis Mac Imní


Is é Ainnis Mac Imní an draoi. Fáidh is ea é. Ní fheiceann sé ach ainnise, ainnise, ainnise an t-am ar fad. Mar sin féin, tugann sé an-chabhair do Théagar. Tugann sé an Cnap Draíochta dó agus tugann comhairle dó sa deireadh. Bíonn cuma údarásach mhistéireach air fiú agus é ag clamhsán.






### Frídín Mac Lú

Is é máistir na bhfrídíní go léir é, an-chliste. Níl ach rud amháin uaidh: breoiteacht a theacht ar an domhan go léir. Conas? Trí fhaillí i gcúrsaí sláinteachais. Ní stopfaidh éinne é. Níl cuma na maitheasa ar Fhrídín Mac Lú.




### Mionfhrídín 1 agus 2

Caitheann siad clócaí móra gránna agus cosnaíonn siad a máistir leo.




### Saman agus Eile


Ní beo do Saman gan Eile. Ní beo d'Eile gan Saman. Is cairde le Frídín Mac Lú iad. Is olc an péire iad agus níl uathu ach galar a leathadh. Cé go bhfuil cuma mhuinteartha orthu, dáiríre ní gliceas go dtí iad.



### Hígeiné


Tagann sé amach nuair a chuimlíonn lámha glana a bhuidéal. Tá sé éadrom ar a chosa agus gluaiseann go grástúil ó áit go háit. Is é guth an choinsiasa é.





### Gráinne

Iníon le Pusachán. Duine deas a bhfuil a haighe féin aici. Níl fonn ar bith uirthi Téagar a phósadh ach toisc gurb é mian a hathar é, déanfaidh sí a dícheall.





### Crann

Crann sa chóir, crann a bhfuil ról beag dá chuid féin aige. Páirt inmhairte í seo.

### An Cór

Tá an-tábhacht ag baint leis an gCór. Is iad muintir an bhaile iad, is crainn iad agus is frídíní beaga iad. Is trína ngluaiseachtaí a leagtar amach an suíomh. Caithfidh siad a bheith fuinniúil agus airdeallach.



## Lámha Lofa

### GNÍOMH 1

Radharc 1 Istigh sa Phluais

**Feictear FRÍDÍN MAC LÚ agus na MIONFHRÍDÍNÍ. Tá clócaí móra liatha ar an mbeirt MHIONFHRÍDÍN agus iad spréite laistiar de FHRÍDÍN MAC LÚ. Tá SAMAN agus EILE i láthair. Cuireann CÁCH a lámha amach agus deir siad i gcogar:**

<b>CÁCH (cogar)</b>	Lámha Lofa, Lámha Lofa, Lámha Lofa (mar a bheadh VO ann)
<b>FRÍDÍN MAC LÚ</b>	Go diail ar fad, a fhrídíní gránna liom. An bhfuil sibh réidh, Saman agus Eile, chun breoiteacht agus tinneas a leathadh?
<b>SAMAN:</b>	Táimid ambaist!
<b>EILE:</b>	Tá, leoga!
<b>SAMAN:</b>	Dar mo lámh!
<b>EILE:</b>	Dar mo lámh!
<b>SAMAN/EILE:</b>	Éinne a leagfaimid lámh air beidh sé Lofa go Deo!
<b>FRÍDÍN MAC LÚ:</b>	Away libh mar sin chun galar a leathadh i bhfad is i gcéin.


Radharc 2 Baile na Lagríochta

**Tá cuma bheá na sláinte ar mhuintir an bhaile agus iad ag canadh is ag damhsa sa chóir oscailte. Tá siad go léir ag croitheadh láimhe lena chéile. Iad go léir beo beathach.**

**Cór:** *Amhrán: Cuir Ansin É!*

**LEADRÁN:** *Yé, seo linn!*

**CÓR:** *Búgaí wúgaí wúgaí is búgaí arís gan stad  
Búgaí wúgaí wúgaí is búgaí arís gan stad,  
Hé cuirimis an chraic ar siúl – ní bheidh deireadh léi  
Ag croitheadh láimhe le chéile – hé sin é díreach é  
An domhan bun os cionn – hé bain sult as an gceiliúradh  
Hé cuir ansin é.*



Tá an búgaí wúgaí  
I ngach duine is áit faoin spéir  
Is fós tá an wúgaí búgaí  
Ionainne go léir  
An gcloiseann tú mé  
Bain sult is spraoi as an gceiliúradh  
Hé cuir ansin é.

Seo linn leis an draíocht, a stóirín,  
Feicimse an sonas id shúil!  
(Feicimse an sonas id shúil')  
Tá céilí mór ar siúl, a stór, tá mise is tusa ann  
Bí ag corraíl – bí, a stór, ag luascadh  
Timpeall linn i bhfáinne, a stór – a stór  
Ná stad den luascadh, fan led thoil id dhúiseacht  
Ceol gan stad, a stóirín,  
Ceol atá chomh láidir sin nach stopfaidh sé go deo,  
Cuir ansin é.

Búgaí wúgaí wúgaí is búgaí arís gan stad  
Búgaí wúgaí wúgaí is búgaí arís gan stad  
Cuir ansin é.

**Isteach le LEADRÁN. Éiríonn an CÓR as an damhsa chun éisteacht go mífhoighneach leis an gcacamas uaidh.**

**LEADRÁN:** A chairde gaoil, lig dom muintir na Lagríochta a chur in aithne daoibh, gnáthbhaile as an ngnáth agus hataí aisteacha ar na daoine. Is dream sona sinn.

**Féachann LEADRÁN orthu. Tarraingíonn sé anáil dhomhain agus deir sé arís é.**

**LEADRÁN:** Is dream sona sinn.


**Tagann beocht sa Chór arís.**

**CÓR:** Gan dabht! Is dream sona sinn!

**Buaileann LEADRÁN a chlog láimhe.**

**LEADRÁN:** Is leor sin. Is leor sin a deirim. Faoi mar a bhíos dá rá, is dream sona sinn agus Pusachán a Cúig mar rí orainn, Pusachán, rí rídheas rí-rud éigin, ríogúil.

**CEOL CÚIRTE: (Ón gCór más gá)**



---

**Isteach go maorga le PUSACHÁN agus a GHIOLLAÍ. I measc na ngiollaí tá SAMAN agus EILE agus iad gléasta mar CHÓCAIRÍ RÍOGA. Stadann PUSACHÁN i lár stáitse.**

**PUSACHÁN:** Mora dhaoibh ar maidin!

**CÓR:** Lá maith agat!

**PUSACHÁN:** Oíche mhaith.

**LEADRÁN:** Sin lá eile curtha dín againn.

**Amach le PUSACHÁN. Feictear TÉAGAR chomh maith ar a shuaimhneas.**

**LEADRÁN:** Ní he an rí is measa ar domhan é mhuis'. Níl mórán idir an dá chluas aige ach, nach in iad na ríthe dhuit. An bhfeiceann sibh mo dhuine thall ansin – is é ag méanfach. Sin é Téagar.

**Sméideann TÉAGAR go leisciúil air.**

**TÉAGAR:** Haigh.

**LEADRÁN: (I leataobh):** Leisceoir. Leadaí. Saghas seilmide is ea é dáiríre. Anois, lig dom na Cócairí Ríoga a chur in aithne daoibh: Saman agus Eile. Níl clár teilifíse dá gcuid féin acu go fóill ach – lá breá éigin!

---


**Ár n-aird anois ar SAMAN agus EILE. Tá rud éigin sleamhain ag baint lena gcantaireacht.**

**SAMAN/EILE :** Óicé, a chairde, cuirimis na lámha le chéile,  
Yé, lámha san aer le chéile, sin é!

**SAMAN:** Hé, gach éinne – hú – sea!  
A stór, a chroí – a stór, seo mo lámh  
a dó, a ceathair, a sé, a seacht, a hocht, a naoi, a deich  
Hé, gach éinne – hú – sea!  
A stór, a chroí, a stór, seo mo lámh.

**(I leataobh)** Feicim ag siúl iad, 'siúl ar an tsráid  
Is maith liom na daoine is iad ag dul thar bráid,  
Beidh siad... beidh siad... beidh siad tinn  
Ar gach aon lámh tá – hú! - frídín.

**EILE:** Hé, gach éinne – hú – sea!  
A stór, a chroí – a stór, seo mo lámh  
Seo libh anois, a chairde go léir – hé, yé  
Hé, gach éinne – hú – sea!  
A stór, a chroí, a stór, seo mo lámh.



Croith gach lámh, croith iad go léir  
Mar sin a scaiptear na baictéir  
Tinneas agus galar abú  
Moladh leis an Máistír – Frídín Mac Lú!

Féachaigí, is linne an saol  
Is maith linn dainséar, is maith linn baol  
Tinneas agus galar abú  
Moladh leis an Máistír – Frídín Mac Lú!

**SAMAN:**

Hé, gach éinne, hú – sea!  
An mbraitheann sibh go maith anois?  
Eile, tá na frídíní ag scaipeadh ar fud na bhfud,  
Hé, gach éinne – hú – sea!  
An mbraitheann sibh go maith anois?

**EILE:**

Hé, gach éinne – hú – sea!  
An mbraitheann sibh go maith anois?  
Cogadh seo na bhFrídíní an t-aon chogadh atá ann  
Hé, gach éinne – hú – sea!  
An mbraitheann sibh go maith anois?

**SAMAN/EILE**

Nach breá é mar scéal  
Hé, gach éinne – hú- sea!  
An mbraitheann sibh go maith anois  
An mbraitheann sibh go maith anois?

**Canann an CÓR an t-amhrán arís agus iad i mbun chroitheadh láimhe, an rud ar fad – an t-amhrán san áireamh – ag dul in ísle brí. Aithnítear sin ar a nguthanna agus ar luas na ngluaiseachtaí ag maolú go dtí go dtagann breoiteacht agus lagachar ar an gCÓR.**

**SAMAN:** Nach breá ar fad an radharc é, a Eile.


**EILE:** Is breá, Saman, gealann sé mo chroí.

**SAMAN agus EILE i mbun damhsa na mbogbhróg. Tá imní ar LEADRÁN agus brúnn sé é féin chun tosaigh, a chlog láimhe á bhualadh aige.**

**LEADRÁN:** Éistigí, éistigí cloisim arís é, ceol an chrá.

**CÓR (I bpian):** Mo chreach is mo chrá, mo chreach is mo chrá.

**LEADRÁN:** Éistigí, éistigí – tá an tír i mbaol.





**Cnead ón gCÓR agus breoiteacht orthu.**

**LEADRÁN:** Tá muintir na Lagríochta ag éirí níos breoite in aghaidh an lae.

**Éiríonn an CÓR níos breoite fós.**

**Cuimlíonn SAMAN agus EILE a lámha agus tugann “cúig in airde” dá chéile.**

**Nochtann siad a lámha ansin, bosa in airde. (Amach leo)**

**SAMAN/ EILE:** Féachaigí! Lámha Lofa! Lámha Lofa! Lámha Lofa!

**LEADRÁN:** Tá galar ag sleamhnú tríd an ríocht mar a bheadh an cat mara ann. (I LEATAOBH).  
Táim go maith ag an gcráic seo, nach bhfuil?

**CÓR:** Lean ort!

**LEADRÁN:** Bíodh agaibh. Tá a Mhórgacht, Pusachán a Cúig, tar éis duais mhór a fhógairt –

**TÉAGAR:** Pluais mhór?

**LEADRÁN:** D-D-Duais mhór, duais mhór d’éinne a thiocfaidh ar an Íocshláinte...

**TÉAGAR:** Cén rud?

**LEADRÁN:** Íocshláinte!

**Croitheann TÉAGAR a ghuailí.**

**LEADRÁN:** Leigheas, a mhic, leigheas ar an ngalar seo.

**TÉAGAR:** Agus cén duais é?

**LEADRÁN:** Gráinne, a iníon, mar chéile leapa.

**TÉAGAR:** Gráinne?

**LEADRÁN:** Gráinne, an banphrionsa álainn, Gráinne. Nó, Gráinneog mar a thugaimse uirthi.  
Ach is cailín gleoite í dáiríre. Beagáinín ait b’fhéidir ach fíorghleoite.

**TÉAGAR:** Fíor-ait, beagáinín gleoite b’fhéidir?

**LEADRÁN:** Tusa an duine ceart.

**TÉAGAR:** Mise? Conas?

**LEADRÁN:** Féach.

**Casann LEADRÁN agus féachann ar an gCÓR atá ina luí ar an talamh.**

**LEADRÁN:** Éirígí!

**Tugann an CÓR faoi éirí ach titeann siad ina bpleist.**

**TÉAGAR:** Tuigim thú, a Leadráin.

**LEADRÁN:** Agus tá duais mhór airgid anuas air sin.

**TÉAGAR:** Ó, mise an fear ceart.

**LEADRÁN:** Beidh bóthar fada romhat.


**TÉAGAR:** Fada?

**LEADRÁN:** An-fhada. Agus achrannach.

**TÉAGAR:** Bóthar fada achrannach.

**LEADRÁN:** Díreach é.

**TÉAGAR:** Níl fhios agam ...



---

**LEADRÁN:** Is iomaí achrann a bheidh romhat. (I LEATAOBH) Táim go maith ag an gcraic seo, nach bhfuil?

**CÓR:** Dún do chlab!

**LEADRÁN:** Bíodh agaibh. (LE TÉAGAR) Bhuel, an tú an fear ceart chuige?

**Déanann TÉAGAR a mhachnamh ar an scéal.**

**TÉAGAR:** An Banphrionsa agus buicéad mór airgid. Bóthar fada achrannach.

Is iomaí achrann a bheidh romham ...

**CÓR:** Sea go deimhin.

**TÉAGAR:** Ní hea. Ní mé an duine ceart. Sé sin le rá, táim an-ghnóthach. Tá mo pheata coinín le ní agam, an hamstar a bheathú, dreancaidí a thraenáil ...

**LEADRÁN:** Dreancaidí?

**TÉAGAR:** Tá go leor dreancaidí agam.

**(Geáitsí – dreancaidí air).**

**LEADRÁN :** Ach éist liom.

**Tionlacan Rap ón gCÓR.**

**LEADRÁN:** Déanfaidh tusa difríocht

Níl aon amhras faoi

Déanfaidh tusa difríocht

Difríocht agus spraoi.

Nuair a thuigeann tú an rud ceart

Ó sea déanfaidh tú an beart

Níl aon amhras faoi

Sin a deir do chroí

An rud atá ceart

Ó! sea déanfaidh tú an beart.

Déanfaidh tusa difríocht

Difríocht mhór don saol

Déanfaidh tusa difríocht

Muise beag an baol.


---

**TÉAGAR:** Dhera, tabharfaidh mé faoi.

**LEADRÁN agus an CÓR ag imeacht is iad ag canadh.**

**CÓR (curfá arís)**

---



Déanfaidh tusa difríocht  
Difríocht mhór don saol  
Déanfaidh tusa difríocht  
Muise beag an baol!

(AD LIB)

**TÉAGAR:** Táim i ngalar na gcás. Cén áit í sin arís – cá bhfuil mo thriall?

**Ritheann LEADRÁN ar an stáitse.**

**LEADRÁN:** Ecolia.

**Ritheann LEADRÁN leis arís.**

**TÉAGAR:** Gura míle. Ecolia. Cá bhfuil Ecolia?

**Ritheann LEADRÁN amach ar an stáitse arís. Díríonn méar i dtreo na lámhe clé.**

**TÉAGAR:** Gura míle. Agus ansin ...

**Ritheann LEADRÁN leis arís.**

**TÉAGAR:** Tar ar ais, a Leadráin. Ní dúirt tú liom conas dul ann.

**TÉAGAR ag fanacht. Faic.**

**TÉAGAR:** Conas ... (NÍOS AIRDE) Conas dul ann, a dúirt mé.

**Cuireann TÉAGAR lámh lena chluas go dóchasach. Croitheann sé a ghuailí.**

**Tá sé ar tí imeacht nuair a chloisean sé an draoi.**

**AINNIS MAC IMNÍ:** Mo chreach is mo chás!

**TÉAGAR:** (Leathimníoch) Heileo?

**AINNIS MAC IMNÍ:** Mo chreach is mo chás.

**TÉAGAR:** Ar chuala sibh rud éigin?

**Tagann AINNIS MAC IMNÍ ar an stáitse.**

**TÉAGAR:** Do chreach is do chás? Cé thusa ar aon nós?

**AINNIS MAC IMNÍ:** Is mise Ainnis Mac Imní, draoi. Mo chreach ...

**TÉAGAR:** Is mo chás.

**Díríonn AINNIS MAC IMNÍ méar chnámhach ar THÉAGAR**

**AINNIS MAC IMNÍ:** Seachain, seachain, shockin'! T'rom do lámh, a Théagair, agus léifidh mé a bhfuil i ndán duit.

**Síneann TÉAGAR a lámh chuige. Beireann AINNIS ar bharr na méar.**

**AINNIS MAC IMNÍ:** Th'anam 'on diabhal! Níor nigh tú do lámha.


**TÉAGAR:** Cén bhaint atá aige sin leis an scéal?

**AINNIS MAC IMNÍ:** Gach aon bhaint.

**TÉAGAR:** Ach ní níonn éinne a lámha thart anseo.

**AINNIS MAC IMNÍ:** Tá a bhfuil romhat amach sa lámh bhrocach seo. Feicimse plá, galar, imní, feicim an drochshaol, feicim an cat mara.

**TÉAGAR:** Feiceann tú an méid sin ar fad i mo lámh?



**AINNIS MAC IMNÍ:** Agus i lámha neamhnite gach éinne.  
**TÉAGAR:** Ach táimse in ainm is a bheith ag dul go hEcolia chun rud éigin a phiocadh suas ann. Cén rud é féin?

**Ritheann LEADRÁN amach ar an stáitse.**

**LEADRÁN:** An íocshláinte.  
**TÉAGAR:** Gura míle, a Leadráin  
**LEADRÁN:** Fáilte romhat, a Théagair ...

**Bailíonn BUIINNEACH leis.**

**AINNIS MAC IMNÍ:** Mo chreach is mo chás faoi sheacht. Is achrannach an bóthar é go hEcolia. Bóthar achrannach.

**TÉAGAR:** Tá mo phort seinnte mar sin.

**AINNIS MAC IMNÍ:** Tá go deimhin. Ach amháin ...

**TÉAGAR:** Ach amháin?

**AINNIS MAC IMNÍ:** Ach amháin má thugann tú leat an Cnap Draíochta.

**TÉAGAR:** Fadhb ar bith. Cá bhfuil an Cnap Draíochta seo?

**AINNIS MAC IMNÍ:** Agamsa atá sé.

**TÉAGAR:** Raidht. Cá bhfuil an Cnap Draíochta nó cén sórt ruda é féin?

**AINNIS MAC IMNÍ:** Tiocfaidh sé idir tú agus an bás.

**Leagann TÉAGAR lámh ar an gCnap.**

**TÉAGAR:** Th'anam 'on ducs! Tá clúmh air.

**AINNIS MAC IMNÍ:** Tá sé ráite agat.

**TÉAGAR**

(á shíneadh ar ais chuige) Ní maith liom é.

**AINNIS MAC IMNÍ:** Coinnigh é. Déanta na fírinne, ní beo duit gan é.

**TÉAGAR:** Tá go maith mar sin; buailfidh mé bóthar.

**AINNIS MAC IMNÍ:** Imigh leat. Mo threighid, mo léan, mo thubaist, mo bhrón.

**Exit AINNIS MAC IMNÍ, ag clamhsán.**

**Cuireann TÉAGAR an cnap draíochta ina mhála droma.**

**TÉAGAR:** Uch! Ní maith liom rudaí a mbíonn clúmh orthu. Ach cabhróidh sé liom chun teacht ar an íocshláinte. Seo linn, in ainm Chroim.

**Imíonn TÉAGAR. Isteach le SAMAN agus EILE.**

**SAMAN/EILE:** Feicimid ambaist!

**SAMAN:** Go gcuire na crainn mearbhall air...


**EILE:** Go gcuire na crainn...

**SAMAN/EILE:** Tinneas cinn air.

**SAMAN:** Go dté sé amú...

**EILE:** Ababú!

**SAMAN/EILE:** Arú!



### Radharc 3 An Fharaois

**Is CRAINN iad anois an CÓR agus tagann siad ar an stáitse.**

**SAMAN agus EILE ina measc go suntasach.**

**Iompraíonn siad géaga agus duilleoga agus croitheann siad iad agus iad ag labhairt i gcogar –**

**CÓR:** Sinne crainn na Coille Draíochta  
Sinne an dris ar do shlí  
Scaipfimid mearbhall ar fud na Ríochta  
Mearbhall agus imní  
Sinne crainn na Coille Draíochta

**Déanann an CÓR athrá air, níos sciobtha agus níos sciobtha, gur geall le gibris é agus iad ag moilliú don líne dheireanach.**

**CÓR:** Sinne crainn na Coille Draíochta  
Sinne an dris ar do shlí,  
Scaipfimid mearbhall ar fud na Ríochta  
Mearbhall agus imní  
Sinne crainn na Coille Draíochta.

**Isteach le TÉAGAR agus seasann ar imeall na foraoise. Déanann sé a chloigeann a thochas.**

**TÉAGAR:** Anois, cén treo? An treo seo? Nó an treo eile? Nó díreach ar aghaidh?

**SAMAN:** (I gcogar) Heileo.

**TÉAGAR**

**(ag féachaint thart)** Cé a labhair?

**EILE: (ón taobh eile)** Bail ó Dhia ort!

**TÉAGAR:** Cé atá ann?

**EILE:** Is mise Eile.

**SAMAN:** Agus is mise Saman.

**SAMAN/EILE:** Saman, Eile, do chairde. Nach ea? (Leis an lucht féachana)

**TÉAGAR:** Chonaic mé cheana thú mar a dúirt an cat leis an mbainne beirithe.

**EILE:** Ní fhaca.

**SAMAN:** Dá mbeimís tar eis bualadh le duine chomh héirimíúil leatsa –


**EILE:** Duine óg chomh dathúil leat –

**SAMAN/EILE:** Bheadh cuimhne againn ort. Anois ...

**SAMAN:** Cad ...

**EILE:** Tá cearr leat?

**TÉAGAR:** Ní mór dom Eolia a bhaint amach.



<b>.SAMAN/EILE:</b>	A Mhaighdean!
<b>TÉAGAR:</b>	Chun teacht ar an Íocshláinte.
<b>SAMAN/EILE:</b>	A thiarcais.
<b>TÉAGAR:</b>	Ach níl fios mo shlí agam.
<b>SAMAN:</b>	Tá sé an-simplí.

**Tabharfaidh TÉAGAR faoi na treoracha a leanúint ach raghaidh sé amú ar fad san fhoraois. Bíonn na CRAINN ag casadh an t-am ar fad, rud a chuireann cuma eile ar an bhforaois.**

<b>SAMAN:</b>	Níl le déanamh agat ach dhá chéim chun tosaigh a ghlacadh agus trí chéim siar.
<b>TÉAGAR:</b>	Dhá chéim chun tosaigh agus ...
<b>EILE:</b>	Trí chéim siar.
<b>TÉAGAR:</b>	Chuirfeadh sé an Státseirbhís i gcuimhne dhuit.
<b>SAMAN:</b>	Cuimhnigh ...
<b>EILE:</b>	Dhá chéim chun tosaigh...
<b>SAMAN/EILE:</b>	Agus trí chéim siar.
<b>TÉAGAR:</b>	Tuigim i ndomhnach. Táimse ullamh.

**Déanann SAMAN agus EILE bualadh bos rithimíúil agus iad ag tabhairt treoracha dó.**

<b>SAMAN/EILE:</b>	Óicé, dún do shúile.
<b>EILE:</b>	Ó thuaidh leat anois dhá chéim.
<b>SAMAN:</b>	Ó dheas leat anois trí chéim.
<b>SAMAN/EILE:</b>	Dhá chéim soir, cas ar do sháil ...
<b>SAMAN:</b>	Trí chéim siar, beidh an leigheas ar fáil.
<b>EILE:</b>	Trí chéim ó thuaidh, cas go mall,
<b>SAMAN:</b>	Dhá chéim soir, beidh tú ann ar ball.
<b>SAMAN/EILE:</b>	Anois, oscail do shúile, go breá réidh.

**Tá SAMAN agus EILE ag dul i bhfolach i measc na gcrann.**

**Tá TÉAGAR ar ais san áit inar thosaigh sé.**


<b>TÉAGAR:</b>	Go hiontach! Táim ar ais san áit inar thosaigh mé. Ar fheabhas. Bhí tuairim agam go raibh rud éigin ait ag baint leis an mbeirt sin. Saman agus Eile ambaist. Ní dhéanfaidh mé dearmad orthu san. Anois, cad is ceart dom a dhéanamh?
----------------	---

**Tosaíonn na CRAINN ar chogarnaíl.**

<b>CÓR (cogarnaíl)</b>	Éist linne, éist linne.
<b>TÉAGAR:</b>	Cad tá dearmadta agam? Abair liom, a chranna!
<b>CÓR (cogarnaíl)</b>	An Cnap Draíochta, an Cnap Draíochta.
<b>TÉAGAR:</b>	An ... cén rud?

**Tagann CRANN i leith chuige agus cnagann ar a ghualainn.**

<b>CRANN:</b>	An Cnap Draíochta, a ghamail. An rud sin i do mhála.
<b>TÉAGAR:</b>	Ó, mo dhearmad! An Cnap Draíochta. Gan dabht. Cnaipín an chlúimh.



**Tógann TÉAGAR an Cnap as a mhála. Á láimhseáil go cúramach.**

**Tosnaíonn na CRAINN ar phortaíreacht bhéil, suas síos.**

**Caitheann TÉAGAR an páipéar clúdaigh ar an talamh.**

**TÉAGAR:** Abhaile linn, a bhuachaill.

**Imíonn an Páipéar Clúdaigh i measc na gCrann agus déanann siad slí dó. Laistigh den Pháipéar Clúdaigh tá**

**VÁSA BEAG CRIAGA. Beireann TÉAGAR air chun breathnú air.**

**TÉAGAR:** An é seo é? An é seo an Cnap Draíochta? Tá bob buailte orm. Níl aon mhaith sa rud seo.  
Beidh orm smaoineamh ar sheift.

**Suíonn TÉAGAR, leagann a cheann ar a mhála droma.**

**Radharc 4** Istigh sa Phluais

**FRÍDÍN MAC LÚ ina shuí agus na MIONFHRÍDÍNÍ ina thimpeall.**

**Tá beirt de na MIONFHRÍDÍNÍ ann, clócaí móra liatha acu agus iad á leathadh laistiar de FHRÍDÍN MAC LÚ.**

**Tá LEADRÁN sa chúinne.**

**LEADRÁN:** Mise arís. Mise mé féin a deir Buinneach, mé féinig ...

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Ná déan paidir chapaill de.

**LEADRÁN:** Ahem... Seo sinn in áras Fhrídín Mhic Lú. Ábhairín brocach, nach bhfuil?

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Níor iarr éinne do thuairim ort. Lean ort in ainm Chroim.

**LEADRÁN:** Hmmm. Seo an áit, mar a déarfá, seo an áit ina dtagann frídíní ar an saol. Ní áit an-deas é, ar ndóigh, ach is geal leis an bhfiach dubh a ghearrcach féin agus mar sin de. Agus, dála an scéil ...

**Taispeánann FRÍDÍN MAC LÚ cófra beag ar a bhfuil ÍOC péinteáilte air.**

**LEADRÁN:** Tá an íocshláinte i bhfolach anseo.

**Isteach le SAMAN agus EILE. Umhlaíonn siad.**

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Saman agus Eile. A fhrídíní mo chroí. Conas tá an misneach?

**SAMAN:** An-mhaith go léir, a Fhrídín Mhic Lú.

**EILE:** Thar barr ar fad, a Fhrídín Mhic Lú.

**SAMAN:** Tá daoine ag éirí breoite ar fud na Lagríochta. Ní níonn éinne a lámha níos mó.

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Ar fheabhas, ar fheabhas.

**EILE:** Ag dul in olcas atá an scéal.

**SAMAN:** Pian sa bholg.


**FRÍDÍN MAC LÚ:** Go deas.

**EILE:** Bíonn siad tamall ag crith leis an bhfuacht.

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Brrr... Is maith liom é.

**SAMAN:** Tamall eile agus iad ag cur allais.

**EILE:** Agus ar ball, ar ball beag ...



---

<b>FRÍDÍN MAC LÚ:</b>	Sea, abair leat!
<b>EILE:</b>	Beidh an tír ar fad ...
<b>FRÍDÍN:</b>	An tír ar fad...?
<b>SAMAN/EILE:</b>	I ndroch-chaoi cheart.

---

**CANANN NA FRÍDÍNÍ GO LÉIR.**

**Amhrán:**

---


Bhí an saol ar fad romhainn, an saol ar fad, bhí,  
Ach nach ngealann sé do chroí,  
Dheineamar cinneadh, ó sea muise rinne,  
Sé theastaigh uainn an saol a chloí.

Bhí an saol ar fad romhainn, an saol ar fad, bhí,  
Ach bhí an t-olcas ag fás,  
Dheineamar cinneadh, ó sea muise rinne  
Níor roghnaíodh an bheatha ach an bás.

Táimid lofa go deo  
Ó comhghairdeachas is marbh tú i measc na mbeo  
Tá lofacht ionainn go smior  
Is go smúsach tá an lofacht ionainn mar bhior  
An trua leat, an trua leat ár gcás  
Níor roghnaíodh an bheatha ach an bás.

Bhí an saol ar fad romhainn, an saol ar fad, bhí,  
Ach sea, ligeamar ár scíth,  
Sé seo ár n-amhrán, clamhsán is síorchlamhsán,  
Cén gá atá le béasa, huth!  
An é nach maith leat fuaim mo ghuth'.

Bhí an saol ar fad romhainn, an saol ar fad, bhí,  
Ach bhí an t-olcas ag fás,  
Beagáinín taighde le déanamh ar naimhde  
Níor roghnaíodh an bheatha ach an bás  
Níor roghnaíodh an bheatha ach an bás  
Níor roghnaíodh an bheatha ach an bás.





Radharc 5 An Fharaois

**Isteach leis na CRAINN arís. Dúisíonn TÉAGAR**

**TÉAGAR:** Ó, tá sé chomh maith agam éirí as. Nílím in ann smaoineamh ar sheift.  
Tá rud éigin uaim le hithe.

**Tógann TÉAGAR ceapaire amach agus tá sé ar tí é a ithe nuair a chuimhníonn sé:**

**TÉAGAR:** Is beag nár dheineas dearmad air. Nigh do lámha i gcónaí sula n-itheann tú, mar a dúirt mo mhamaí riamh liom.

**Téann TÉAGAR i leataobh. Mím ar lámha a ní.**

**Críochnaíonn sé an ceapaire.**

**Filleann sé agus níonn a lámha arís.**

**Tógann sé amach an VÁSA.**

**TÉAGAR:** Agus bhí an rud seo chun cabhrú liom? A leithéid! Cad tá ann in aon chor?

**Cuimlíonn TÉAGAR an VÁSA. Amach le HÍGÉINÉ.**

**TÉAGAR:** Agus cé thú féin, a mhac bán?

**HÍGÉINÉ:** Is mise Sprid an Vása. Hí-gé-iné is ainm dom. Ciallaíonn sé ‘sláinteachas’.

**TÉAGAR:** Haigh Hí!

**HÍGÉINÉ:** Haigh, a Théagair. Do sheirbhíseach ró-umhal, a dhuine uasail.

**TÉAGAR:** Bog breá. Mo - mo sheirbhíseach? Tusa?

**HÍGÉINÉ:** Gan dabht. Hígeíné, sin é é, do sheirbhíseach ró-umhal. Cabhróidh mise leat in am an ghátair.

**TÉAGAR:** Conas nár chabhraigh tú liom go dtí seo?

**HÍGÉINÉ:** Cad a dhein tú sular nocht mé?

**TÉAGAR:** Chuimlíos an vása.

**HÍGÉINÉ:** Agus roimhe sin?

**TÉAGAR:** Er – níos mo lámha.

**HÍGÉINÉ:** Díreach é. Má níonn tú do lámha ní bheadh fhios agat na rudaí draíochtúla go léir a thitfidh amach.

**TÉAGAR:** Ní mór dom Ecolia a bhaint amach.

**HÍGÉINÉ:** Agus cabhróidh mise leat. Lean mé.

**NA CRAINN ag canadh arís. (‘Déanfaidh tusa difríocht’)**


**Na CRAINN ag scaradh óna chéile, ag teacht le chéile agus ag scaradh arís agus TÉAGAR ag leanúint HÍGÉINÉ soir siar i measc na gCRANN. Timpeallaíonn na CRAINN iad agus nochtann LEADRÁN, a chlog á bhualadh aige.**

**LEADRÁN:** Éistígi, eistígi, eistígi.

**CÓR:** Th’anam ’on ducs, th’anam ’on ducs, th’anam ’on ducs.

**LEADRÁN:** Bíodh agaibh. Seo linn in ainm Chroim.

**Tarraingíonn na CRAINN siar agus nochtar:**



Radharc 6 Áras diabhailta FHRÍDÍN MHIC LÚ

**Tá cuma an-sona ar SAMAN agus EILE agus ar FHRÍDÍN MAC LÚ. Croitheann siad lámh lena chéile.**

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Mo ghraidhin sibh! Thar barr ar fad. Tá na frídíní ag leathadh go tiubh. Molaim sibh.

**Croitheann siad lámh lena chéile arís. Tagann TÉAGAR isteach, HÍGÉINÉ láimh leis.**

**TÉAGAR:** Gabh mo leithscéal. Gabh mo leithscéal a deirim.

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Leithscéal? Cad tá déanta agat?

**SAMAN agus EILE sna tríthí gáirí.**

**TÉAGAR:** Tá fadhb agam.

**FRÍDÍN MAC LÚ:** An bhfuil ambaist?

**TÉAGAR:** Téagar is ainm dom.

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Sin fadhb ceart go leor. Ach níl aon leigheas agamsa air.

**TÉAGAR (á chur in aithne) Agus sé seo –**

**Cuireann HÍGÉINÉ stop leis.**

**HÍGÉINÉ:** Gabh i leith, gabh i leith. (Á THARRAINGT I LEATAOBH AGUS Á RÁ I gCOGAR):  
Ní fheiceann siad mé.

**TÉAGAR:** Mo leithscéal? Ní fheiceann siad thú? Heileo?

**HÍGÉINÉ:** Ní fiú dul isteach sa scéal. Bíodh muinín agat asam. Is sprid mé, sprid an vása, sprid an tsláinteachais, Hígéiné. Tá daoine áirithe ann nach bhfuil in ann mé a fheiceáil.  
Cuimhnigh air sin.

**Glacann TÉAGAR leis seo. Filleann ar FHRÍDÍN MAC LÚ agus an slua.**

**FRÍDÍN MAC LÚ:** An ndéanann tú é sin go minic?

**TÉAGAR:** Cén rud?

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Labhairt leat féin.

**TÉAGAR:** Nuair a bhím i láthair stróinséirí. Anois, tá súil agam go bhfuil tú in ann cabhrú liom.  
Táim ag lorg na hócshláinte.

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Cad is íocshláinte ann?

**TÉAGAR:** Leigheas ar ghalar mistéireach atá ag leathadh ar fud na ríochta.

**FRÍDÍN MAC LÚ:** B'fhéidir go mbeimís in an cabhrú leat. (LE SAMAN agus EILE).  
Cad déarfadh sibh, a chairde?

**SAMAN:** Déanfaimid ár míle dícheall ...

**EILE:** Chun an galar a leathnú.

**SAMAN/ EILE:** A leigheas. An galar a leigheas.


**FRÍDÍN MAC LÚ:** Ach bíodh greim le hithe againn ar dtús.

**TÉAGAR:** Táimse stiúgtha.

**FRÍDÍN MAC LÚ:** (Á gcur in aithne) Mo chomhghleacaithe, dála an scéil ...Saman agus Eile.

**SAMAN:** Conas tánn tú?

**EILE:** Cén chaoi a bhfuil tú?



SAMAN/EILE: Goidé mar atá tú?

**Croitheann SAMAN agus EILE lámh THÉAGAIR agus croitheann siad lámh lena chéile arís is arís eile.**

**Críchnaíonn siad le “cúig in airde”.**

**Straois ar FHRÍDÍN MAC LÚ**

FRÍDÍN MAC LÚ: Beidh greim bia anois againn.

**Tá TÉAGAR ar tí suí nuair a bheireann HÍGÉINÉ air agus deir sé rud éigin i gcogair leis.**

TÉAGAR: Caithfidh mé mo lámha a ní i dtosach.

SAMAN: Cacamas!

EILE: Seafóid!

FRÍDÍN MAC LÚ: Futa fata!

SAMAN: Amaidí!

EILE: Fastaoim!

FRÍDÍN MAC LÚ: Whack fol-de-didil –

SAMAN: Fol-de-daigh-ró-dé.

SAMAN/EILE: Cac mo ghadhair agus clúmh air.

FRÍDÍN MAC LÚ: A Théagair, a dhuine chóir. Ní gá.

**Féachann TÉAGAR ar HÍGÉINÉ a sméideann go diúltach air.**

TÉAGAR: Dáiríre, ba mhaith liom mo lámha a ní.

FRÍDÍN MAC LÚ: Ach níl aon –

SAMAN/EILE: Uisce. Níl aon uisce ann.

FRÍDÍN MAC LÚ: Díreach é. Níl aon uisce againn. Ar aon nós, stuif bréan is ea uisce. An bhfuil aon tuairim agat an dochar a dhéanann sé do do lámha? Baineann sé na holaí nádúrtha go léir astu. Agus, ar aon chuma ...

**(Féachann i dtreo SAMAN agus EILE, ag lorg cabhrach)**

SAMAN: Níl aon ...

EILE: Uisce. Níl aon uisce againn.

**Taispeánann SAMAN AGUS EILE buicéad dó.**

SAMAN/EILE: Féach. Folamh.

**Tógann siad crúsca agus iompaíonn bun os cionn é.**

SAMAN/EILE: Folamh.

TÉAGAR: Sea, bhuel, sa chás sin.

**Crapann TÉAGAR a mhuinchillí suas ach tarraingíonn HÍGÉINÉ i leataobh é.**


TÉAGAR: Sea?

FRÍDÍN MAC LÚ: Tá sé ag caint leis féin arís.


HÍGÉINÉ: T'rom an crúsca sin.

**Iompraíonn TÉAGAR an crúsca i leith. Déanann HÍGÉINÉ comhartha draíochta os a chionn.**

HÍGÉINÉ: Táim chun ortha draíochta a rá – anna livia plúr na mban -.



<b>TÉAGAR:</b>	Anna Livia – sin abhainn na Life, ab ea?
<b>HÍGÉINÉ:</b>	Thug na Bráithre oideachas maith duit, is léir.
<b><i>Tugann HÍGÉINÉ sonc spraiúil dó a leagann é, nach mór.</i></b>	
<b>HÍGÉINÉ:</b>	Anois, féach air seo.
<b><i>Doirteann HÍGÉINÉ sruth uisce isteach sa bhuicéad.</i></b>	
<b>FRÍDÍN MAC LÚ</b>	
<b>(le TÉAGAR)</b>	Conas a dheinis é sin?
<b>TÉAGAR:</b>	Leis na focail draíochta – anna livia, plúr na mban.
<b>FRÍDÍN MAC LÚ:</b>	Cad is brí leis an raiméis sin?
<b>TÉAGAR:</b>	Ní raibh tú riamh ar scoil, is léir.
<b><i>Tugann TÉAGAR sonc spraiúil do FHRÍDÍN MAC LÚ</i></b>	
<b>SAMAN/EILE:</b>	Ná leag lámh air!
<b><i>Cuireann SAMAN agus EILE ina sheasamh arís é fad is a níonn TÉAGAR a lámha.</i></b>	
<b>Suíonn TÉAGAR.</b>	
<b><i>Tugann SAMAN agus EILE ceapaire dó. An ceapaire is lofa dá bhfaca tú riamh. Tá glóthach ghlas ag síleadh de.</i></b>	
<b>TÉAGAR:</b>	(Á ardú agus á bholú) Cad tá sa cheapaire?
<b>FRÍDÍN MAC LÚ:</b>	Seo is siúd.
<b>SAMAN:</b>	Seo siúd is -
<b>EILE:</b>	Eile.
<b>FRÍDÍN MAC LÚ:</b>	Bí ag ithe – agus go seinne sé thiar ort.
<b><i>Tá TÉAGAR ar tí plaic a bhaint as nuair a sciobann HÍGÉINÉ uaidh é.</i></b>	
<b>TÉAGAR:</b>	Cad sa diabhal buí!?
<b>HÍGÉINÉ:</b>	Nach bhfuil faic ar eolas agat?
<b>TÉAGAR:</b>	Níl ann ach ceapaire.
<b>HÍGÉINÉ:</b>	Ceapaire – sin a cheapann tú. Tá sé ina luí thart le cúpla lá anuas. Ní raghadh na cuileoga féin in aice leis. Tá dóthain frídíní ansin chun tinneas a chur ar Dháil Éireann. Abair nach bhfuil aon ocras ort. Féach air, in ainm Dé.
<b>FRÍDÍN MAC LÚ:</b>	Cad tá ar siúl? Ag caint leis an aer atá sé. (BÉIC) Níl ann ach cúpla frídín.
<b>TÉAGAR:</b>	Íosfaidh mé ar ball é.
<b><i>Caitheann HÍGÉINÉ uaidh é agus imíonn an ceapaire den stáitse mar a bheadh céadchosach ann.</i></b>	
<b>FRÍDÍN MAC LÚ:</b>	Níl dochar ar bith ag baint le baictéir, más é sin atá ag déanamh tinnis duit.
<b>SAMAN:</b>	Níl faic cearr le frídíní.
<b>EILE:</b>	Ginidíní deasa, níl dochar ar bith iontu.
<b>TÉAGAR:</b>	Tá tuirse orm. Lá fada ab ea é. Is dóigh liom go nglacfaidh mé scíth bheag.
<b>FRÍDÍN MAC LÚ:</b>	(Le SAMAN agus EILE) Coinnigh súil air. Tá drochfhuardar faoi.



**CÓR sa chúlra le suantraí.**

**Suíonn an ceathrar – FRÍDÍN MAC LÚ, SAMAN, EILE agus TÉAGAR agus a gcúl lena chéile, ag tacú lena chéile roimh dhóibh dul a chodladh.**

**Aon uair dá dtugann TÉAGAR faoi éirí, titeann an chuid eile chun tosaigh agus suíonn TÉAGAR ar ais arís.**

**Déanann TÉAGAR iarracht ar iad a choimeád socair agus é ag éirí, é ag lúbarnaíl.**

**HÍGÉINÉ ag faire orthu agus ag croitheadh a chinn.**

**Leantar den áiféis sin.**

**Sa deireadh, siúlann HÍGÉINÉ sall chucu, beireann orthu agus ligeann sin do THÉAGAR éirí.**

**Tosaíonn TÉAGAR ar dhul sa tóir ar an íocshláinte. Tagann sé ar rudaí éagsúla,**

**SICÍN CÓCARÁILTE, ISPÍNÍ AMHA. Ardaíonn sé ina gceann is ina gceann iad agus HÍGÉINÉ ag croitheadh a chinn.**

**HÍGÉINÉ:** Bia cócaráilte agus ispíní amha le chéile, go dona ar fad. Bia atá fágtha gan chlúdach in áit a bheith sa chuisneoir? An-dainséarach.

**Sa deireadh, ardaíonn TÉAGAR bosca beag ar a bhfuil ÍOC scríofa.**

**Croitheann HÍGÉINÉ a cheann le díograis. Brostaíonn TÉAGAR sall chuige.**

**TÉAGAR:** An bhfuil tú cinnte gurb é seo é?

**HÍGÉINÉ:** Lig dom féachaint air.

**Tugann TÉAGAR dó é. Titeann FRÍDÍN MAC LÚ, SAMAN agus EILE ina bpleist ansin agus dúisíonn dá bharr. Titeann siad thar a chéile agus iad ag iarraidh teacht chucu féin.**

**TÉAGAR:** Seachain! Tá siad ina ndúiseacht. Cad a dhéanfaimid?

**HÍGÉINÉ:** Chun reatha linn.

**As go brách le HÍGÉINÉ agus TÉAGAR. Fágann siad an íocshláinte ina ndiaidh. Stopann HÍGÉINÉ.**

**HÍGÉINÉ:** An íocshláinte!

**Ar ais leo faoi dheifir.**

**Beireann siad ar an mbosca fad is atá an chuid eile ag rith chun é a fháil. Tá ina chíor thuathail eatarthu. Nochtann na CRAINN agus CEOL BROSTAITHE á dhéanamh acu.**

**Sa deireadh éiríonn le TÉAGAR agus HÍGÉINÉ éalú i measc na gCRANN.**

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Ná ligtear dó éalú. Ná ligtear dó éalú. Má thugann sé leis rún na híocshláinte sin deireadh le cultúr na bhfrídíní go deo.

**SAMAN:** Deireadh le Saman.


**EILE:** Agus Eile.

**FRÍDÍN:** Saman? Eile? Deireadh le gach frídín againn. Clóifear sinn. Mar sin, cuardaigí agus scriosaigí.

**SAMAN:** Cuardaigh.

**EILE:** Agus scrios.

**CEOL TÓRAÍOCHTA agus HÍGÉINÉ is TÉAGAR ag teitheadh i measc na gCRANN, FRÍDÍN MAC LÚ, SAMAN agus EILE sa tóir orthu.**



## Radharc 7 An Fhoroais

**Na CRAINN agus iad i ngreim láimhe a chéile i bhfoirm cearnóige. Aon uair dá gcasann CRANN 90 céim cruthaítear slí nua agus a luaithe is a éalaíonn TÉAGAR agus HÍGÉINÉ tríd an gcosán sin, dúntar arís é.**

**Deireadh leis an TÓRAÍOCHT nuair a imíonn TÉAGAR agus HÍGÉINÉ den stáitse; fágtar FRÍDÍN MAC LÚ, SAMAN agus EILE agus iad timpeallaithe ag na CRAINN. Imíonn cách den stáitse mar ní mór do na CRAINN athghléasadh mar CHÓR SRÁIDEÁNACH.**

## Radharc 8 An Sráidbhaile

**Isteach le LEADRÁN agus a chlog á bhualadh aige.**

**LEADRÁN:** Éistigí, éistigí, éistigí. Ní mór do gach sráideánach teacht le chéile i gcearnóg an bhaile chun fáilte abhaile a chur roimh ár laoch, Téagar. Seo libh, a scaistí. Amach libh, amach libh.

**Amach leis an gCÓR, iad gan a bheith ar fónamh. Tagann PUSACHÁN i láthair.**

**LEADRÁN:** A Mhórgacht.

**PUSACHÁN:** Ná labhair liom. Táim ag fáil bháis. Ó mo bholg bocht.

**LEADRÁN:** Ná bíodh eagla ort, a Mhórgacht. Is gaire cabhair Dé ná an doras. A dhaoine ísle agus a dhaoine uaisle, cuirigí fáilte ar ais ó Eolia roimh an té atá tar éis éacht a dhéanamh, sea a dhaoine córa, gaisce, cé eile ach –

**PUSACHÁN:** Éirigh as!

**LEADRÁN:** Téagar, a Mhórgacht.

**Isteach le TÉAGAR. Na muartha fáilte roimhe. HÍGÉINÉ taobh leis, ach ní fheiceann an slua é.**

**TÉAGAR:** Heileoigí. Féach cad tá agamsa. An Íocshláinte.

**Taispeánann TÉAGAR an bosca do chách.**

**PUSACHÁN:** É seo?

**TÉAGAR:** É sin.

**PUSACHÁN:** Tá rud éigin sa bhosca seo a leigheasfaidh an galar?

**Seiceálann TÉAGAR an scéal le HÍGÉINÉ a chroitheann a cheann go dearfa.**

**TÉAGAR:** Tá ambaist.

**PUSACHÁN:** Bhuel, oscail é. Oscail an bosca.


**Síneann an CÓR a lámha amach agus deir siad –**

**CÓR:** Oscail an bosca, oscail an bosca.

**Seo chugainn LEADRÁN chun a chlog a bhualadh.**

**LEADRÁN:** Oslóidh Téagar téagartha tréanlámh an bosca anois agus dar seo is dar siúd –

**PUSACHÁN:** Dún do chlab, a Leadráin. Oscail an bosca.



**Tá sceitimíní ar chách.**

**Gabhann an CÓR suas an scála.**

**Sa chúlra, feictear FRÍDÍN MAC LÚ, SAMAN agus EILE.**

**Cuireann TÉAGAR an bosca ar an talamh agus osclaíonn go cúramach é. Soilsíú ag dul i léig agus tagann solas glas amach as an mbosca.**

**CÓR (tógtha) ÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓ!**

**Cuireann TÉAGAR a lámh isteach go cúramach agus tógann amach BUIDÉILÍN UISCE agus GALLÚNACH.**

**CÓR: (Díomá): ÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓÓ!**

**PUSACHÁN: An Íocshláinte, ab ea?**

**TÉAGAR: Sea, a Mhórgacht.**

**Tá an slua ag feitheamh go foighneach. Cuireann PUSACHÁN a chuid spéaclaí air agus léann se na lipéid.**

**PUSACHÁN: (AG LÉAMH): Gallúnach.**

**LEADRÁN: Gallúnach?**

**PUSACHÁN: Gallúnach.**

**LEADRÁN: Agus uisce?**

**PUSACHÁN: Gallúnach agus uisce.**

**Scairteann FRÍDÍN MAC LÚ amach ag gáire. Déanann SAMAN agus EILE amhlaidh.**

**FRÍDÍN MAC LÚ: Ah ha ha ha ha!**

**SAMAN/EILE: Há há há há.**

**FRÍDÍN MAC LÚ: Uisce agus gallúnach!**

**SAMAN: Uisce ...**

**EILE: Agus gallúnach!**

**SAMAN/EILE: Há há há há!**

**Gáireann an CÓR go lag in éindí leo.**

**PUSACHÁN (le TÉAGAR) An dáiríre atá tú?**

**Féachann TÉAGAR AR HÍGÉINÉ, ag lorg cabhrach.**

**FRÍDÍN MAC LÚ: Is jóc é. Mugadh magadh.**

**TÉAGAR: Is í seo an Íocshláinte. Tá fhios agam é.**

**FRÍDÍN MAC LÚ: Ná tabhair aon aird ar an amadán seo, a Mhórgacht.**

**TÉAGAR: Ní thuigim. (LE HÍGÉINÉ). Abair leo, caithfidh tú é a rá leo.**

**HÍGÉINÉ: Ní fheiceann siad mé. Ní fheicfidh siad mé go dtí go nífidh siad a lámha!**

**TÉAGAR: Cé a chabhróidh anois liom?**


**Isteach ón taobh, tagann AINNIS MAC IMNÍ, go hainnis mar is gnách.**

**AINNIS MAC IMNÍ: Mo chreach is mo chás, mo chreach is mo chás.**

**TÉAGAR: A Ainnis, tusa faoi ndeara é seo. Abair leo gurb í seo an Íocshláinte.**

**Buaileann LEADRÁN an clog chun aird an tslua a lorg.**

**LEADRÁN: Éistigí, éistigí, éistigí. Tá Ainnis Mac Imní, draoi, chun rud éigin a rá.**



**Cách ag cruinniú timpeall.**

**PUSACHÁN:** Labhair, a Ainnis. (Le TÉAGAR). Ta súil agam go bhfuil rud éigin le dealramh le rá aige.

**AINNIS:** Go hifreann libh go léir mura n-úsáideann sibh an Íocshláinte seo.

**PUSACHÁN:** Uisce agus gallúnach?

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Ná héist leis, a Mhórgacht. Níl faic na fríde ar eolas aige.

**AINNIS:** Seachnaígí na frídíní!

**PUSACHÁN:** Frídíní? Cén áit?

**TÉAGAR:** Gach áit, a Mhórgacht.

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Cacamas, a Mhórgacht. Ná héist leis.

**TÉAGAR:** A Hígéiné, cabhraigh liom.

**HÍGÉINÉ: (I gcogar)** Tá na mílte is na mílte frídíní ann, dar mo lámh, ar do lámh féin!

**TÉAGAR: (Forluiteach)** Tá na mílte is na mílte frídíní ann, dar mo lámh, ar do lámh féin!

**HÍGÉINÉ (I gcogar)** Tá cuid acu gan dochar ach tá a thuilleadh acu a chuirfidh tinneas ort.

**TÉAGAR:** Tá cuid acu gan dochar ach tá a thuilleadh acu a chuirfidh tinneas ort.

**HÍGÉINÉ:** Na frídíní atá ar do lúidín d'fhéadfadh siad tinneas a chur ort.

**TÉAGAR:** Na frídíní ata ar do lúidín d'fhéadfadh siad tinneas a chur ort.

**Díríonn FRÍDÍN MAC LÚ méar ar PHUSACHÁN.**

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Éist liom, a Mhórgacht.

**TÉAGAR:** Ná díriú do mhéar lofa ar a Mhórgacht.

**PUSACHÁN:** Cad tá le déanamh?

**Féachann TÉAGAR ar HÍGÉINÉ a chuireann an GHALLÚNACH agus an TUISCE os a chomhair.**

**TÉAGAR:** Uisce agus gallúnach. Simplí go leor. Ní gá bhur lámha in uisce agus gallúnach.

**FRÍDÍN MAC LÚ:** Na habair!


**SAMAN/EILE:** Tá ár bport seinnte.

**Tosaíonn TÉAGAR ar a lámha a ní agus é ag canadh:**

**CÓR (is eile):**

Is cuma – is cuma – cuma sa diabhal  
Is cuma – is cuma – cuma sa diabhal  
Maraímis frídíní – cuma sa diabhal  
Cuma cén dromchla é  
Tá baol mór sna baictéir  
Gach galar, uch, faoin spéir  
Maraímis iad go léir.

Tá galar i ngach víreas  
Is fós i ngach frídín  
Má níonn tú do lámha  
Ní baol go mbeidh tú tinn.





Fág slán go deo le salachar  
Le brocamas fág slán  
Le huisce is gallúnach  
Beidh gach ní geal is bán.

**SAMAN/EILE:**

Bíonn frídíní gnóthach  
Gach oíche is gach lá,  
Uaireanta le slaghdán  
Is uaireanta le plá.

**CÓR:**

Ná lig dóibh leathnú  
Ná tabhair dóibh san féar plé,  
Bainimis anois díobh  
An anáil is an dé.

Gallúnach agus uisce, a stór,  
Na cairde is fearr ar domhan,  
Gallúnach agus uisce  
Orthu ná bí gann.

Sa seomra beag, a stór,  
Tar éis duit bheith id shuí,  
Na dearúd na lámha,  
Na lámha – sea – a ní.

Sa seomra beag, a stór,  
Tar éis duit bheith id' shuí,  
Ná dearúd na lámha  
Na lámha – sea – a ní!


**Spraeálann TÉAGAR na SRÁIDEÁNAIGH le huisce agus cuirtear an ghallúnach timpeall.**

**Na GÁRTHA MOLTA ón gCÓR ag an deireadh.**

**Tagann PUSACHÁN chun tosaigh agus GRÁINNE ar adhastar aige. Tugann LEADRÁN mála mór airgid dó.**

**LEADRÁN:** Gabh i leith, a Théagair, chun do dhuais a ghlacadh.

**PUSACHÁN:** A Théagair, thug tú leat abhaile rún na dea-shláinte. Tugaimse duitse anois lámh m'ínine, Gráinne.



---

**Beireann TÉAGAR ar lámh GHRÁINNE agus scoítear di an lámh (i.e. is lámh bhréige í)**

<b>GRÁINNE:</b>	Há há há. Jóc an dtuigeann tú.
<b>TÉAGAR:</b>	An bhfuil aon chuid eile díot ina jóc?
<b>PUSACHÁN:</b>	Agus seo do dhuais duit.
<b>TÉAGAR:</b>	Gura míle.
<b>LEADRÁN:</b>	Ná caith go léir é sa siopa céanna.
<b>HÍGÉINÉ:</b>	An duais is fearr ar domhan ná an dea-shláinte.
<b>PUSACHÁN:</b>	Cé hé seo?
<b>TÉAGAR (Le HÍGÉINÉ):</b>	Tá siad in ann tú a fheiceáil?
<b>HÍGÉINÉ:</b>	Is mise Hígéiné, ainm a chiallaíonn sláinteachas, agus ní fheictear mé go dtí go gcleachtann sibh dea-nósanna an tsláinteachais.
<b>LEADRÁN:</b>	Chuir tú an ruaig ar na frídíní go léir...
<b>FRÍDÍN MAC LÚ:</b>	Sin é is dóigh leo.
<b>SAMAN:</b>	Ach cuimhnígí –
<b>FRÍDÍN MAC LÚ:</b>	Beidh mé ar ais.
<b>EILE:</b>	Mura níonn sibh bhur lámha ...
<b>SAMAN/EILE:</b>	Beimid ar ais. Lenár Lámha Lofa.

**Spraeáilann TÉAGAR na frídíní agus scuabann den stáitse iad.**

**Amhrán ('Is Cuma –')**

Cách:

CÓR:


---

**Meascann an FHOIREANN GO LÉIR leis an lucht féachana agus canann an tAMHRÁN arís, bileoga eolais á scaipeadh acu.**


BRAT ANUAS

---

Leagan Gaeilge: Gabriel Rosenstock



## NÓTAÍ



## NÓTAÍ

